Ombudsman Eorpach

# Forléargas 2010

GA

# A léitheoir, a chara,

Fáilte go *Forléargas 2010* nuadheartha de chuid an Ombudsman. Déantar san fhoilseachán seo taifead ar na torthaí is tábhachtaí a gnóthaíodh ó ghearánaigh le bliain anuas agus leagtar amach na príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna atá os comhair na hinstitiúide.

### Cúig bliana déag ó bunaíodh an tOmbudsman Eorpach

Léirítear i *bhForléargas* na bliana seo aitheantas amhairc nua na hinstitiúide, a seoladh ar chomóradh cúig bliana déag na hinstitiúide – 27 Meán Fómhair 2010. Táim muiníneach go gcabhróidh ár n-aitheantas amhairc nua linn íomhá a chur chun cinn d'institiúid atá inrochtana, cóir agus dírithe ar an saoránach. Seoladh straitéis do shainordú 2009-2014 an Ombudsman freisin le linn an imeachta a reáchtáladh dár gcomóradh. Tugann an straitéis breac-chuntas ar shraith chuspóirí agus thosaíochtaí, atá deartha chun aidhmeanna uileghabhálacha an Ombudsman a bhaint amach, is iad sin, ar an gcéad dul síos, a chinntiú go mbaineann saoránaigh an AE tairbhe iomlán as a gcearta, agus, ar an dara dul síos, feabhas a chur ar cháilíocht de chuid riaracháin an AE. Tá sí ar fáil i 23 teanga ar ár láithreán gréasáin.



© Aontais Eorpaigh

### Torthaí na ngearán i 2010

Le linn 2010 rinneadh dul chun cinn maith i leith na n-aidhmeanna seo a bhaint amach – i níos mó ná leath na gcásanna a dúnadh, ghlac an institiúid ábhartha le réiteach cairdiúil nó tháinig siad chun réitigh maidir leis an ábhar, fad is a dúnadh seacht gcás breise nuair a ghlac an institiúid le dréachtmholadh. Is samplaí iad deich gcás eiseamláireach, atá aibhsithe sna leathanaigh seo a leanas, de dhea-chleachtas i ndáil le freagra a thabhairt ar ghearáin. Molaim na hinstitiúidí ina n-iomláine ach go háirithe as ucht a n-iarrachtaí a chinntiú go bhfoghlaimítear ceachtanna níos leithne ó láimhseáil ghearán trasna an riaracháin. Dea-shampla de seo ná an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) i 2010. Trí chéim beartais tábhachtach a dhéanamh maidir le glacadh le beartas nua um rochtain ar cháipéisí agus é a fhoilsiú, thug an EMA éifeacht níos leithe do dhá mholadh a díríodh uirthi.

Chuir mé Tuarascáil Speisialta amháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa i 2010, a bhain le teip an Choimisiúin Eorpaigh comhoibriú leis an Ombudsman go fírinneach agus de mheon macánta i ndéileáil leis an gcás ábhartha. Ar bhonn níos dearfaí, níor caitheadh ráitis chriticiúla a eisiúint ach i 33 cás, i gcomparáid le 35 i 2009 agus 44 i 2008. Leanfaidh mé ar aghaidh ag foilsiú tuarascála bliantúla ar an gcaoi a leanann institiúidí ráitis chriticiúla agus bhreise, leis an aidhm measúnú níos fearr a dhéanamh ar dhoimhniú a gcloí le prionsabail an dea-riaracháin.

Bhain níos mó ná 19 000 duine úsáid as an treoir idirghníomhach ar ár láithreán gréasáin chun comhairle a fháil ar an modh cúitimh is feiliúnaí. De réir mar a d'aimsigh níos mó daoine an seoladh ceart iad féin, fuarthas 409 gearán "lasmuigh den sainordú" níos lú ná cheana. Mar thoradh air sin, laghdaíodh líon iomlán na ngearán ó 3 098 i 2009 go 2 667 i 2010. I níos mó ná 70% de chásanna, bhíothas in ann cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúchán a oscailt, cás a aistriú, nó comhairle a thabhairt. Bhí os cionn 50% de chásanna faoi chuimsiú inniúlachta de chuid comhalta de Líonra Eorpach na nOmbudsman, ag cruthú luach ár gcomhair ar an leibhéal seo athuair. Seoladh aitheantas amhairc nua don Líonra freisin i 2010 chun feasacht a mhúscailt ar an tseirbhis thábhachtach a sholáthraíonn ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha do shaoránaigh.

### Conradh Liospóin – bliain chun cinn

Nuair a atoghadh mé mar Ombudsman in Eanáir 2010, d'fhógair mé go raibh sé mar phríomhthosaíocht agam cabhrú chun a chinntiú go ndéanfadh an AE seachadadh ar na tairbhí geallta do shaoránaigh i gConradh Liospóin. Go luath i 2010, thug mé freagra ar an gcomhairliúchán poiblí maidir le cén chaoi ar chóir do Thionscnamh Eorpach na Saoránach feidhmiú i gcleachtas. Mhol an tOmbudsman forfheidhmiú na Cairte um Chearta Bunúsacha ag institiúidí freisin, go príomha trí fhiosrúcháin ar shaincheisteanna cosúil leis an gceart bunúsach chun dea-riaracháin, lena n-áirítear priosabal tábhachtach na cothroime, cearta na ndaoine faoi mhíchumas, agus an ceart chun rochtana ar cháipéisí. Maidir leis an gceart deireanach a luadh, b'ionann follasacht agus an catagóir is suntasaí i ndáil le hábhar na bhfiosrúchán arís i 2010, le 33% de na fiosrúcháin uile ag baint leis an tsaincheist seo.

D'oscail an tOmbudsman 323 fiosrúchán bunaithe ar ghearáin, i gcomparáid le 335 i 2009. Seoladh sé fhiosrúchán féintionscnaimh faoi shaincheisteanna sistéamacha agus bhain siad leis an bParlaimint, an Chomhairle, an Coimisiún, agus an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO). Tá ag tnúth le freagraí cuiditheacha a fháil ó na hinstitiúidí i 2011 ar na saincheisteanna tábhachtacha a tháinig chun cinn sna fiosrúcháin seo.

Strasbourg, 31 Eanáir 2011



P. Nikiforos Diamandouros

Imscrúdaíonn an tOmbudsman Eorpach gearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí an AE. Is féidir le haon saoránach, cónaitheoir AE, nó fiontar nó cumann i mBallstát, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Tairgeann an tOmbudsman modh tapa, solúbtha agus saor in aisce chun fadhbanna maidir le riarachán an AE a réiteach. Le tuilleadh faisnéise a fháil i 23 teanga oifigiúla an AE, tabhair cuairt le do thoil ar http://www.ombudsman.europa.eu, áit a bhfaighidh tú an *Forléargas* seo, na cásanna luaite sa bhfoilseachán seo, chomh maith leis an *Tuarascáil Bhliantúil 2010* iomlán – ar fáil i mBéarla ó Bhealtaine 2011 agus sna teangacha oifigiúla uile ó Iúil 2011.

# Rogha cásanna a bhí idir lámha i 2010

Clúdaíonn na cásanna seo a leanas na príomhchatagóirí gearán ar déileáladh leo i 2010 agus áirítear cásanna eiseamláireacha uile na bliana iontu, atá aibhsithe le dath gorm.

### Trédhearcacht

Bhronn an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) rochtain phoiblí ar dhoiciméid bainteach le dhá dhruga frith-otrachta agus ghlac sí le agus d'fhoilsigh sí beartas nua dírithe ar rochtain i bhfad níos leithne a thabhairt ar cháipéisí ina seilbh (**2560/2007/BEH**).

I ndiaidh gearáin ó iriseoir, d'aontaigh an Pharlaimint rochtain a bhronnadh ar dhoiciméid a bhí bainteach le maoiniú de chuid foirgneamh áirithe a ghnóthaigh sí sa Bhruiséal agus sholáthair sí tuilleadh faisnéise i ndáil leis an nós imeachta a lean sí chun maoiniú seachtrach a urrú (**793/2007/BEH**).

Chuaigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) i dteagmháil leis na húdaráis sa Táidsíceastáin agus é mar aidhm aige rochtain a sholáthar ar Chreat-chomhaontú a bhí iarrtha ag ENR. D'fhoilsigh údaráis na Táidsíceastáine an comhaontú agus, an lá dár gcionn, chuir an BEI in iúl don ghearánach é (**2145/2009/RT**).

I gcás maidir le doiciméid bhainteacha le tógáil calafoirt thionsclaíoch i Granadilla, an Spáinn, thug an tOmbudsman faoi deara, má iarrann Ballstáit ar an gCoimisiún gan doiciméid a chuireann siad chuige a scaoileadh, nach mór dóibh argóintí diongbháilte a thabhairt bunaithe ar rialacha follasachta an AE. Chuir an tOmbudsman fáilte roimh chinneadh an Choimisiúin a chuid doiciméad inmheánach féin sa chás seo a eisiúint (**355/2007/FOR**).

### Cásanna sáraithe

Cháin an tOmbudsman an Coimisiún toisc gur theip air cúiseanna cearta, soiléire agus intuigthe a sholáthar as ucht feidhmiú a chuid cumhachtaí lánroghnacha, agus é ag dúnadh cás sáraithe in aghaidh na hOstaire i ndáil le toirmeasc iomlán ar choimeád ainmhithe fiáine i sorcais (**3307/2006/JMA**).

### Conarthaí agus tograí

D'íoc an Coimisiún EUR 6 025, móide ús de EUR 1 586, le cumann Gearmánach tar éis don Ombudsman a iarraidh air breithniú a dhéanamh ar éileamh an ghearánaigh go raibh an íocaíocht tionscadail deiridh laghdaithe go héagórach aige (**3249/2008/KM**).

### Cearta na ndaoine atá faoi mhíchumas

Bhronn an Coimisiún spás páirceála in áirithe d'oifigeach atá faoi mhíchumas don dá bhliain deireanach dá gairm. Líomhain an t-oifigeach, a raibh timpiste tromchúiseach aici, gur theip ar an gCoimisiún déileáil lena hiarratas le haghaidh spáis go cothrom agus go cuí (**1226/2008/OV**).

I gcás a bhain le tacaíocht do bhaill teaghlaigh chleithiúnacha, faoi mhíchumas na n-oifigeach Comhairle, chinn an tOmbudsman go raibh na cearta reachtúla ábhartha curtha i bhfeidhm go hiomlán ag an gComhairle, go raibh foráil déanta aici le haghaidh beart inmheánach cuí ionas go bhféadfaí na cearta seo a fheidhmiú, agus gur ghlac sí le bearta bhreise a chuaigh níos faide ná na cearta ráthaithe ag na Rialacháin Foirne (**129/2009/VL**).

### Earcaíocht

D'aontaigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa EUR 3 965 a íoc leis an ngearánach mar shocrú airgeadais as ucht na gcostas ábhair a gearradh uirthi tar éis dó a chur in iúl di go héagórach gur roghnaíodh í le haghaidh earcaíochta (**2924/2007/TS**).

### Cothroime

Chuir an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir a éileamh aisíocaíochta do EUR 2 364 ar ceal agus d'íoc sí EUR 2 722 breise leis an ngearánach nuair a chuir an tOmbudsman in iúl go raibh earráid soiléir déanta ag an ENR agus í ag comhlánú na foirme iarratais deontais (**255/2009/JF**).

Chuir an Coimisiún a éileamh aisíocaíochta as ucht íocaíochta déanta le gníomhaire cúnta ar ceal nuair a d'iarr an tOmbudsman air freagracht a ghlacadh as na hearráidí a bhí déanta arís agus arís eile aige. Bhí tagairt déanta freisin ag an ngearánach dá staid airgeadais deacair (**906/2009/JF**).

### Saincheisteanna institiúideacha agus beartais

Ghabh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) leithscéal leis an ngearánach agus rinne athbhreithniú ar a rabhaidh foirmiúla nuair a chinn an tOmbudsman, de réir cúinsí an cháis seo, go raibh an rabhadh díréireach, maslach, agus fiú neamhdhleathach b'fhéidir. Chuir an EASA in iúl don Ombudsman freisin go raibh sé beartaithe aici athruithe ar an reachtaíocht infheidhmithe a mholadh (**1182/2009/JF**).

## Cá mhéad gearán agus fiosrúchán?

Chláraigh an tOmbudsman 2 667 gearán i 2010, agus bhí 744 acu siúd laistigh den sainordú (i gcomparáid le 3 098 gearán, le 727 laistigh den sainordú, i 2009). D'oscail sé 335 fiosrúchán (i gcomparáid le 339 i 2009) agus chuir sé 326 fiosrúchán i gcrích i rith na bliana (318 i 2009). San iomlán, dhéileáil an tOmbudsman le níos mó ná 3 700 gearán agus iarratas ar fhaisnéis.

### Cén gníomh a ghlac an tOmbudsman?

I níos mó ná 70% de na cásanna a próiseáladh (1 997), bhí an tOmbudsman ábalta cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúchán a oscailt, an cás a aistriú chuig comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt faoin gcéad chéim eile. Maidir le cásanna a aistríodh agus comhairle a tugadh, cuireadh 50% de na gearánaigh ar aghaidh chuig comhalta de Líonra Eorpach na nOmbudsman, .i. ombudsman náisiúnta nó réigiúnach sna Ballstáit nó de Choiste Achainíocha Pharlaimint n a hEorpa. Cuireadh iomlán de 13% faoi bhráid an Coimisiúin, fad is a moladh do 43% dul i dteagmháil le comhlachtaí eile, lena n-áirítear SOLVIT, a dhéileálann le fadhbanna bainteach le gné trasteorann atá tagtha chun cinn de bharr droch-chur chun feidhme an dlí AE ag údaráis phoiblí sna Ballstáit AE.

Tabhair faoi deara: I roinnt cásanna, cuireadh níos mó ná cineál amháin comhairle ar ghearánach. Dá bhrí sin, is ionann iomlán na gcéatadán seo agus breis is 100%.


### Foinse na ngearán ag druidim le fiosrúcháin dúnta

| | | |
|---|---|---|
| Saoránaigh aonair | 78% | (254) |
| Cuideachtaí agus comhlachais | 22% | (72) |

### Cad iad na torthaí a tháinig as na fiosrúcháin a ndearnadh?

Bhí toradh dearfach ar 179 de na cásanna a dúnadh 2010, ó tharla gur ghlac an institiúid ábhartha le réiteach cairdiúil nó gur thángthas ar shocrú. Níor aimsíodh drochriarachán i 55 de na cásanna. Aimsíodh drochriarachán i 40 de na cásanna: ghlac an institiúid le dréachtmholadh i seacht gcinn acu seo (i gcomparáid le dhá cheann i 2009), fad is a dúnadh 33 cás le ráitis chriticiúla, lena n-áirítear ceann amháin a raibh tuarascáil speisialta chuig an bParlaimint mar thoradh air. I 14 cás, rinne an tOmbudsman ráitis chriticiúla bhreise chun cabhrú le feabhas a chur ar fheidhmíocht sa todhchaí.

**Torthaí na bhfiosrúchán dúntath**




Tabhair faoi deara: I roinnt cásanna dúnadh fiosrúcháin ar dhá chúis nó níos mó. Dá bhrí sin, is ionann iomlán na gcéatadán seo agus breis is 100%.


### Fiosrúcháin i ndáil le cé acu institiúidí, comhlachtaí, oifigí, nó gníomhaireachtaí?

Bhain formhór na bhfiosrúchán a osclaíodh i 2010 (219 cás) leis an gCoimisiún (65%). B'ionann an figiúr inchomparáide do 2009 agus 191. De bhrí gurb é an Coimisiún an príomhinstitiúid san Aontas a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, luíonn sé le réasún gurb air, go príomha, a bheadh gearáin na saoránach dírithe. Ina dhiaidh sin, bhain 35 fiosrúchan le EPSO (30 i 2009). Tháinig laghdú faoi thart ar leath ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh a bhain le Parlaimint, Comhairle agus Cúirt Bhreithiúnais an AE i gcomparáid le 2009. Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil an tOmbudsman in ann fiosrúcháin a oscailt faoi obair neamhbhreithiúnach na Cúirte amháin.

### Fiosrúcháin i ndáil le cén chineál drochriaracháin?


Tarlaíonn drochriarachán mas rud é go dteipeann ar institiúid gníomhú i gcomhréir leis an dlí, go dteipeann orthu déanamh de réir prionsabal an dea-riaracháin, nó go sáraíonn siad cearta bunúsacha. Bhain na príomhchineálacha drochriaracháin arna fhiosrú ag an Ombudsman i 2010 le (i) sáruithe dlíthiúlachta nó cothroime, (ii) sáruithe ar dhualgais maidir le hiarratais ar fhaisnéis agus teorainneacha ama le cinntí a dhéanamh.

**Na hinstitiúidí agus comhlachtaí lenar bhain na fiosrúcháin**




Tabhair faoi deara: Ba fhiosrúcháin féintionscnaimh iad dhá fhiosrúchán a osclaíodh i 2010 a bhí dírithe ar níos mó ná institiúid amháin.
Dá bhrí sin, is ionann iomlán na gcéatadán seo agus breis is 100%.

**An cineál drochriaracháin – (i) sáruithe, o (ii) sáruithe ar dhualgais maidir le:**





Tabhair faoi deara: I roinnt cásanna, scrúdaíodh dhá chineál drochriaracháin líomhanta nó níos mó san fhiosrúchán céanna.
Dá bhrí sin, is ionann iomlán na gcéatadán seo agus breis is 100%.

# Na daoine a rinne gearáin

Taispeántar sa léarscáil thíos cé chomh dóchúil agus atá sé go ndéanfaidh daoine i ngach Ballstát gearán leis an Ombudsman Eorpach. Tá sé bunaithe ar an líon na ngearán ó gach tír i gcoibhneas lena daonra. Tugtar líon uimhriúil na ngearán in aghaidh na tíre chomh maith.

| Tír | Líon na nGearán | Cóimheas |
|---|---|---|
| Lucsamburg | 34 | 12,7 |
| An Chipir | 22 | 4,1 |
| An Bheilg | 207 | 3,7 |
| Málta | 9 | 3,4 |
| An tSlóivéin | 34 | 3,2 |
| An Laitvia | 21 | 1,6 |
| An Bhulgáir | 63 | 1,5 |
| An tSlóvaic | 43 | 1,5 |
| An Spáinn | 349 | 1,5 |
| Éire | 32 | 1,3 |
| An Fhionlainn | 39 | 1,3 |
| An Phortaingéil | 71 | 1,3 |
| An Eastóin | 9 | 1,1 |
| Poblacht na Seice | 63 | 1,1 |
| An Liotuáin | 20 | 1,1 |
| An Ghréig | 65 | 1,1 |
| An Ostair | 48 | 1,1 |
| An Pholainn | 214 | 1,0 |
| An Ungáir | 51 | 1,0 |
| An Ghearmáin | 375 | 0,8 |
| An Ísiltír | 60 | 0,7 |
| An tSualainn | 32 | 0,7 |
| An Rómáin | 73 | 0,6 |
| An Danmhairg | 16 | 0,5 |
| An Fhrainc | 171 | 0,5 |
| An Iodáil | 132 | 0,4 |
| An Ríocht Aontaithe | 132 | 0,4 |
| Eile | 131 | |
| Ní fios | 151 | |

Tabhair faoi deara: Ríomhadh cóimheas na ngearán trí chéatadán na ngearán iomlán a fuarthas ó gach Ballstát a roinnt ar a chéatadán de dhaonra iomlán an AE. I gcás gur mó ná 1 é, léiríonn sé gur chuir an tír i gceist níos mó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis de réir daonra na tíre.



Má tá leagan cló mhór den fhoilseacháin ag teastáil uait, téigh i dteagmháil le do thoil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh. Déanfaimid iarracht freisin leagan fuaime a sholáthar ar iarratas.

**Ombudsman Eorpach**
1 avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
F - 67001 Strasbourg Cedex

T. + 33 (0)3 88 17 23 13
F. + 33 (0)3 88 17 90 62
eo@ombudsman.europa.eu

Tá an *Forléargas* seo foilsithe ar an Idirlíon ag:
**http://www.ombudsman.europa.eu**

© An tAontas Eorpach, 2011
Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.
Dearadh agus leagan amach de chuid Rosendahls - Schultz Grafisk, Albertslund, an Danmhairg, agus EntenEller A/S, Valby, an Danmhairg.
Leagtha amach i FrutigerNext agus Palatino.
*Printed in Luxembourg*
ISBN 978-92-9212-285-0 . ISSN 1831-3752 . doi:10.2869/38680 . QK-AD-11-001-GA-C

Oifig na bhFoilseachán

FSC
Mixed Sources
Product group from well-managed forests and other controlled sources
Cert no. EUR-COC-051203
www.fsc.org
© 1996 Forest Stewardship Council